

23ú Bealtaine 2025

SCÉALTA SCOILE

Á Thuismitheoir,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith,

Lá dár saol a bhí ann ar an Máirt. Don chéad uair riamh le nach mór daichead bliain anuas bhain an dá fhoireann Sciath na Scol an gradam is airde amach. Táimid an -brodúil astu uilig. Ní gan dua a tharla sé seo áfach. Táid ag saothrú ó thúis na bliana agus tháinig rath ar a gcuid oibre. Táimid go mór faoi chomaoín ag na múinteoirí a bhí bainteach leis an dtraenáil ar fad. Is pribhléid imirt i bPáirc Uí Chaoimh agus cuimhneoidh na páistí ar an eispéaras go ceann i bhfad. Tá focal molta tuillte ag ár lucht leanúna chomh maith. Chuireadar go mór leis an atmaisféar. Bhí na drumadóirí thar barr!

Míle buíochas le gach éinne a thacaigh linn leis an Ionad Spraoi an tseachtain seo. Tá an tríú chuid bailithe againn ag an bpointe seo agus anois tá teagmháil á dhéanamh againn le gnóanna áitiúla. Tá fuadar faoi na páistí agus teastaíonn uathu páirt a ghlacadh sa bhfiontar. Chuir Rang Harry tús leis an tseachtain seo caite leis an bpoc fada agus tá díolachan císte eagraithe ag Rang Jacinta don tseachtain seo chugainn.

Ghlac cailíní Rang 5 agus 6 páirt i mbliotz áitiúil ar maidin le scoileanna an cheantair máguaird. Is an -traidisiún é agus bhaineadar súp as gan amhras.

Gach rath ar Rang 2 ar ócáid a gCéad Chomaoineach amárach i Séipéal Phádraig i mBaile an Róistigh. Tá moladh mór ag dul do na páistí agus dá múinteoirí atá ag ullmhú le roinnt seachtainí anuas. Táim ag súil le héisteacht lena gcuid amhránaíochta álainn agus lena gceol uirlise chomh maith le breathnú ar a dtaispeántais ealaíne amárach. Tá an -áthas orainn go mbeidh ár mBanna Cheoil shinsir ag seinnt ag an gComaoineamh. Buíochas ó chroí le Catriona agus a buíon i gCumann na dTuismitheoirí as a dtacaíocht don ócáid álainn seo.

Bain taitneamh as an deireadh seachtaine
Niamh Ní Mhaoláin



23th May 2025

SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir, a chara,

I hope you are keeping well.

School history was made on Tuesday 20th of May. For the first time in almost 40 years our school team's camogie and hurling brought home silver ware on the same day. We are so proud all our boys and girls who have trained hard all year and we deeply appreciate the work their teachers have down in preparing them for this wonderful occasion. It's not everyone gets to play in Páirc Uí Chaoimh on a glorious sunny day. We also believe that we have the best fans ever. They supported their teams all the way. A special mention to the drummers who never gave up!

Once again, we thank all of you who contributed to our playground project this week. Your donations are much appreciated. We are a third of the way now and this week we will begin to reach out to the local businesses in the greater Douglas area for support. Many of our classes are keen to get involved so watch out on our social media and we will keep you updated. As you know Múinteoir Harry's class held a Poc Fada and Múinteoir Jacinta's class will host a cake sale next week. It's great to see student agency in action. Our camogie panel we're back in action today at the annual Douglas Blitz. They really enjoyed playing with the other local schools. It's a fabulous tradition.

Gaelscoil na Dúglaise has achieved a Gold Research Ireland Curious Minds Award. We have evaluated your Log of Evidence, and we are satisfied that you have met all the criteria for the Gold Award. The Gold Award has earned through a log of evidence provided documenting the children's engagement with STEM (science,technology,engineering,maths).Once again thank you to our Engineering in a Box facilitators Colin and Pierce and congratulations to Múinteoir Kim who coordinated the project.

All the best to Rang 2 on their First Holy Communion tomorrow in St. Patrick's Church in Rochestown. Great credit is due to the children and their teachers who have been preparing for the past few weeks. I look forward to hearing their beautiful singing and instrumental music as well as seeing their artwork displayed tomorrow. Thank you to Catriona and her team in Cumann na dTuismitheoirí for helping to make it a memorable occasion for Rang 2 and to our Banna Cheoil for enhancing the ceremony with their beautiful music.

Enjoy the weekend,
Niamh Ní Mhaoláin

